

Éire agus an Ríocht Aontaithe – Dlúthchaidreamh polaitiúil táirgiúil:

- Chuir Cuairt Stáit na Banríona Eilís in 2011 tús le céim nua i gcaidreamh Rialtas le Rialtas. I Márta na bliana dár gcionn, bhuail an Taoiseach agus an Príomh-Aire le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhoibriú, á rá “Ní raibh an caidreamh idir an dá thír níos láidre ná níos socraithe, chomh casta ná chomh tábhachtach riamh agus atá sa lá atá inniu ann.”
- Ó shin i leith, tá an Taoiseach agus an Príomh-Aire tar éis bualadh le chéile gach bliain i bhfoirm chruinnithe mullaigh, agus aontaíodh roinnt tionscnamh nua. Tá fóram uathúil bunaithe acu do phlé idir státseirbhísigh shinsearacha, na ceanna ranna rialtais in Éirinn agus na Breataine á dtabhairt le chéile uair in aghaidh na bliana.
- Oibríonn an dá Stát cheannasacha, in éineacht le riaracháin déabhlóidithe Thuaisceart Éireann, na hAlban, agus na Breataine Bige, agus Spleáchríocha na Corónach de Mhanainn, Geirsí agus Geansaí, go dlúth le chéile mar chomhaltaí de Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus tagann comhaltaí dár Reachtas le chéile mar Chomhthionól Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann.

Comhoibriú Idirnáisiúnta:

- Ba ghné i gcónaí dár gcaidreamh é an comhoibriú ar nithe praiticiúla.
- Bhí Éire agus an RA ina gcomhpháirtithe le chéile san **AE** ó chuamar araon isteach sa CEE 41 bliain ó shin. Tá dul chun cinn mór déanta sa dá thír sa tréimhse seo agus is iomaí cás inar oibríomar le chéile ar shaincheistean leasa choitinn. Tá ár dtrúpaí ar fiannas le chéile faoi láthair i misean AE faoi shainordú na NA i Mailí.

- Oibrímid le chéile in eagraíochtaí iltaobhacha mar **na NA**, áit a gcomhoibrímid ar thionscnaimh mar dhul i ngleic leis an ocras sa domhan atá i mbéal forbartha.

Próiseas Síochána Thuaisceart Éireann:

- Ó baineadh Comhaontú amach sna Cainteanna Ilpháirtí i 1998, tá rialtais na Breataine agus na hÉireann agus Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann tar éis oibriú le chéile laistigh dá chreat chun **comhar eacnamaíoch agus polaitiúil** a chur chun cinn agus chun tacú leis an athmhuintearas.
- Tugann an RA agus Éire go díreach, agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, tacaíocht ghníomhach freisin **d'obair athmhuintearais ag leibhéal pobail** i dThuaisceart Éireann, trí chistí rialtais, cláir PEACE an AE agus an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn.
- Tugann an dá rialtas tacaíocht iomlán do thabhairt i gcrích rathúil ar na **Cainteanna Polaitiúla leanúnacha**, a bhí faoi chathaoirleacht an Dr Richard Haass ar dtús, agus atá á dtreorú anois ag Ceannairí Páirtí Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann.

Cuimhneacháin:

- Tá an Chuart Stáit ar siúl le linn **Deich mBliana na gCuimhneacháin**, tráth a ndéanaimid comóradh ar chéad bliain sraith imeachtaí bunathraithe i sochaí na Breataine agus na hÉireann, lena n-áirítear neamhspleáchas na hÉireann ón Ríocht Aontaithe.
- Rinne breis agus 200,000 Éireannach seirbhís in éide na Breataine le linn an **Chéad Chogadh Domhanda** agus fuair beagnach 50,000 bás sa choinbhleacht sin. Rinne na mílte ban Éireannacha seirbhís sa Díorma um Chúnamh Deonach sna línte tosaigh.

IRELAND AND the United Kingdom

A close and productive Political Relationship

- Oibríonn an dá rialtas le chéile agus na cuimhneacháin chéad bliana atá ag teacht aníos á gcomóradh i sprid an **bheachtais stairiúil, na comh-mheasa, na cuimsitheachta agus an athmhuintearais.**
- Ghlac an Taoiseach agus an Tánaiste páirt i **Searmanais Chuimhneacháin i dTuaisceart Éireann** i Samhain 2012 agus 2013. I Nollaig 2013, thug an Taoiseach agus Príomh-Aire na Breataine cuairt le chéile ar láithreáin WWI agus ar uaigneanna cogaidh i bhFlóndras.

